Scoileanna Úra

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chlár nua tógála do scoileanna a bheidh ar siúl as seo go ceann cúig bliana. Sula bhféachann tú ar an tuairisc déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

- An bhfuil gá le scoil nua i do cheantar féin?
- Cad iad na buntáistí a bheadh ann do gheilleagar na tíre, dá dtógfaí go leor scoileanna nua in Éirinn?
- An bhfuil daonra na hÉireann ag fás dar leat?
- Cad atá ar eolas agat maidir le daonra an domhain?

Ceist 2 Anois gan féachaint go fóill, déan iarracht leagan Gaeilge a chur ar na téarmaí Béarla thíos. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat.

Refurbishment _____
Surge _____
Building Sector _____
Prefabricated _____
Need _____
Births _____
Programme _____
Education System _____
Pressure _____
Building _____
Hut _____
Created _____
Situated _____
Site _____

Ceist 3 Anois féach ar an mír agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Cé mhéad post a chruthófar san earnáil tógála?
2. Cá ndeachaigh Áine Ní Bhreisleáin ar cuairt?
3. Cén fáth a bhfuil gá leis an bplean tógála, dar leis an rialtas?
4. Ainmnigh áis nua amháin a bheidh i gColáiste Ailigh.
5. Cé mhéad scoil úr atá le tógáil?

Ceist 4 Is iomaí sampla den saorbhriathar atá le cloisteáil sa mhír nuachta, mar shampla, 'Táthar', 'cruthófar' srl.

Déan iarracht an sliocht thíos a athscríobh san aimsir chaite.

Déanfar athchóiriú agus **cuirfear** seomraí breise le go leor scoileanna[1] eile, rud a **chruthóidh** ochtó míle áit scoile do pháistí. **Deir** an rialtas go **bhfuil** súil acu go mbeidh breis agus cúig mhíle dhéag post san earnáil tógála cruthaithe mar gheall ar an chlár tógála seo.

Ceist 5 Cloistear go leor uimhreacha sa mhír. Cad atá ráite faoi na huimhreacha seo a leanas?

Uimhir	**Míniú**
15,000	
165	
80,000	
106	
43	
2017	

Ceist 6 Déan an ráiteas thíos a phlé. Is féidir é a úsáid mar rún díospóireachta.

'Ba cheart do rialtas na tíre seo srian a chur le líon na bpáistí a cheadaítear i ngach teaghlach'

[1] '*Scoilteacha'* a deirtear i gcanúint an tuairisceora.

Treoracha agus freagraí

Ceist 1 Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

Refurbishment	Athchóiriú
Surge	Borradh
Building Sector	Earnáil tógála
Prefabricated	Réamhdhéanta
Need	Gá
Births	Breitheanna
Programme	Clár
Education System	Córas Oideachais
Pressure	Brú
Building	Foirgneamh
Hut	Bothán
Created	Cruthaithe
Situated	Lonnaithe
Site	Suíomh

Ceist 3

1. Cruthófar thart ar chúig mhíle dhéag post san earnáil tógála.
2. Chuaigh Áine Ní Bhreisleáin ar cuairt go dtí dhá scoil i dTír Chonaill.
3. Tá gá leis an bplean tógála toisc go bhfuil borradh mór tagtha ar líon na mbreitheanna sa tír seo le blianta beaga anuas. Cuireann sé seo brú ar an gcóras oideachais.
4. Tógfar halla spóirt, páirceanna spóirt agus seomraí do na hábhair phraiticiúla.
5. Tógfar 106 bunscoil agus 43 meánscoil idir seo agus 2017.

Ceist 4 **Rinneadh** athchóiriú agus **cuireadh** seomraí breise le go leor scoileanna[1] eile, rud a **chruthaigh** ochtó míle áit scoile do pháistí. **Dúirt** an rialtas go **raibh** súil acu go mbeadh breis agus cúig mhíle dhéag post san earnáil tógála cruthaithe mar gheall ar an chlár tógála seo.

[1] '*Scoilteacha'* a deirtear i gcanúint an tuairisceora.

Ceist 5

Uimhir	Míniú
15,000	Líon na bpost a chruthófar san earnáil tógála
165	Líon na ndaltaí i Leitir Ceanainn atá i seomraí réamhdhéanta le sé bliana anuas
80,000	Seo líon na n-áiteanna nua scoile do pháistí
106	Líon na bhfoirgneamh úr bunscoile a thógfar
43	Líon na bhfoirgneamh úr meánscoile a thógfar
2017	Spriocbhliain tógála an chláir

Ceist 6 Is féidir an ráiteas a phlé nó é a úsáid mar rún díospóireachta.

Maolra Mac Donnchadha
Tá clár nua tógála scoile fógartha[1] ag an rialtas a chruthóidh 80,000 áit scoile do dhaltaí as seo go ceann cúig bliana. Táthar le hathchóiriú a dhéanamh ar scoileanna freisin. Cuirfidh siad borradh creidtear, faoin earnáil tógála agus cruthófar thart ar chúig mhíle dhéag post dá bharr. Chuaigh Áine Ní Bhreisleáin chuig dhá scoil i dTír Chonaill a fuair an dea-scéala inniu.

Áine Ní Bhreisleáin
Seo scoil '*Educate Together'* i Leitir Ceanainn. Tá céad seasca is a cúig dalta ag fáil oideachais sna seomraí réamhdhéanta le sé bliana. Inniu fuair siad an dea-scéala go raibh scoil úr le fáil acu. Deir an rialtas go bhfuil gá leis an phlean tógála mar go bhfuil borradh mór tagtha ar líon na mbreitheanna sa tír le blianta beaga anuas, rud a chuireann brú ar an chóras oideachais.

Múinteoir
Tá tuismitheoirí, múinteoirí, daltaí uilig breá sásta. Seo difear mór[2] dúinne, beidh foirgneamh againn, foirgneamh buan, ní bheidh na botháin ann, beidh clós i bhfad níos mó againn do na páistí le bheith ag súgradh ann.

Áine Ní Bhreisleáin
Cuirfear tús le tógáil i mbliana ar fhoirgneamh úr de Choláiste Ailigh i Leitir Ceanainn. Deir an príomhoide go bhfuil an scoil ag méadú agus go bhfuil spás de dhíth orthu.

Príomhoide na Scoile
Ciallaíonn sé go mbeidh spás againn fá choinne na n-ábhar praiticiúil[3],ó thaobh spóirt de fosta beidh seomra spóirt, beidh halla spóirt, beidh páirceanna spóirt againn, beidh spás atá tuillte ag na daltaí againn sa scoil úr.

Áine Ní Bhreisleáin
Déanfar athchóiriú agus cuirfear seomraí breise le go leor scoileanna[4] eile, rud a chruthóidh ochtó míle áit scoile do pháistí. Deir an rialtas go bhfuil súil acu go mbeidh breis agus cúig mhíle dhéag post san earnáil tógála cruthaithe mar gheall ar an chlár tógála seo.

Tógfar céad agus a sé foirgneamh úr bunscoile agus ceathracha is a trí foirgneamh úr meánscoile idir seo agus 2017. Sa[5] pháirc seo i gcathair na muice i Leitir Ceanainn a bheidh ceann acu sin lonnaithe. Seo é an suíomh úr do Choláiste Ailigh agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis an obair thógála ar an bhfoirgneamh sin i mbliana.

Áine Ní Bhreisleán, Nuacht TG4 i Leitir Ceanainn

---

[1] '*Fógraithe*' a deirtear
[2] '*mhór'* a deirtear
[3] '*fá choinne na hábhair praiticiúil'* a deirtear.
[4] '*Scoilteacha'* a deirtear i gcanúint an tuairisceora
[5] '*Is ins an'* a deirtear